



Coiste na Gaeilge	Irish Language Committee
<p style="text-align: center;"><u>Cruinniú</u> Déardaoin 17 Samhain 2022, 2.00pm Zoom</p>	<p style="text-align: center;"><u>Meeting</u> Thursday 17th November, 2.00pm Zoom</p>
MIONTUAIRISCÍ	MINUTES
I láthair: <ul style="list-style-type: none">Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaón, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – an Dr Noel Ó Murchadha (Cathaoirleach)Rúnaí an Choláiste – John ComanCláraitheoir na Seomraí – an Dr Dónall Mac DónaillRoinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – an Dr Mícheál HoyneDámh na nEolaíochtaí Sláinte – an Dr Caoimhín Mac Giolla PhádraigOifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Caoimhe Ní MhaoláíOifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabhadhán (Rúnaí)Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Eimear Ní ChiaráinBall tofa den Chomhairle (nó ionadaí) – an tOllamh Pól Ó GrádaighAn Leabharlann – Nicole SeabrookAn Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Orlaith Tunney	Present: <ul style="list-style-type: none">Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha (Chair)Secretary to the College – John ComanRegistrar of Chambers – Dr Dónall Mac DónaillDepartment of Irish & Celtic Languages – Dr Mícheál HoyneFaculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla PhádraigStudents' Union Irish Language Officer – Caoimhe Ní MhaoláíIrish Language Officer – Áine Ní Shúilleabhadhán (Secretary)Auditor of An Cumann Gaelach – Eimear Ní ChiaráinElected Member of Council (or nominee) – Professor Paul O'GradyLibrary – Nicole SeabrookAdministrative and Support Area – Orlaith Tunney
1. Ballraíocht & Leithscéalta: <ul style="list-style-type: none">Ball tofa den Bhord (nó ionadaí) – an Dr Neasa Ní ChiaráinDámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice – an Dr Noirín Nic a' BháirdAontas na nlarchéimithe – folántasIonadaí na nDéan – folántas	1. Membership & Apologies: <ul style="list-style-type: none">Elected Member of Board (or nominee) – Dr Neasa Ní ChiaráinFaculty of Science, Technology, Engineering and Mathematics – Dr Noirín Nic a' BháirdGraduate Students' Union – vacancyFaculty Dean representative – vacancy
2. Ballraíocht <p>Cuireadh fáilte roimh an Dr Neasa Ní Chiaráin atá ag teacht in áit an Ollaimh Louis Brennan mar ionadaí don Bhord. Gabhadh buíochas leis an Ollamh Brennan as ucht a chuid ama agus oibre ar an gCoiste.</p> <p>Tá ionadaí le ceapadh thar ceann na nDéan in áit an Dr Anthony O'Connor. Tá folántas ann d'ionadaí Aontas na Mac</p>	2. Membership <p>Dr Neasa Ní Chiaráin, nominee of the Board who replaces Professor Louis Brennan, was welcomed. Prof. Brennan was thanked for his time and work on the Coiste.</p> <p>There is a vacancy for a Faculty Dean, or nominee, and the Graduate Students' Union. The latter will depend on the Student Union's approach after recent events.</p>

<p>Léinn faoi láthair agus caithfear fanacht le fáil amach cén cur chuige a bheidh ag Aontas na Mac Léinn maidir leis seo.</p> <p>Tá athruithe i ndán do Bhord an Choláiste de bharr Acht an Údarás um Ard-Oideachas. Bónn ionadaí ón mBord ar Choiste na Gaeilge agus mar sin d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt air. Tá an méid thíos luaite san Acht sin.</p> <p>"...the membership of the governing authority shall broadly reflect the composition of Irish society, including persons who are competent in the Irish language."</p>	<p>There will be changes to the makeup of College Board due to the new Higher Education Authority Act. As Board is represented on Coiste na Gaeilge, this may have an impact on the Coiste. The following is stated in that Act.</p> <p>"...the membership of the governing authority shall broadly reflect the composition of Irish society, including persons who are competent in the Irish language."</p>
<p>3. Miontuairisci</p> <p>Glacadh le miontuairisci an chruinnithe ón 14 Meitheamh 2022.</p> <p>Níor scríobhadh chuit Roinn na Gaeltachta maidir leis an gceathrú Scéim Teanga agus an chaoi ar caitheadh am agus airgead á ullmhú agus ansin gur cuireadh ar leataoibh é de bharr an Achta nua. Measadh gurbh fhéarr gan é sin a dhéanamh ionas nach mbeadh eifeacht ag a leithéid ar ár gcaidreamh leis an Roinn amach anseo.</p> <p>Cuireadh agusín dátheangach ina raibh achoimre ar an Acht nua leis na miontuairisci ó chruinniu mhí an Mheithimh a cuireadh os comhair Bhord an Choláiste.</p>	<p>3. Minutes</p> <p>The minutes of the meeting held on 14th June 2022 were approved.</p> <p>Roinn na Gaeltachta were not contacted in relation to the fourth Language Scheme and to address the time and money was spent in preparing it, and how it was then set aside due to the new Act. This was done so as not to affect future relationships with the Dept.</p> <p>A bilingual appendix summarising the new Act was added to the minutes of the June meeting which went before College Board.</p>
<p>4. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Ceathrú Scéim Teanga</p> <p>Tháinig Alt 10A. maidir le fógraíocht i bhfeidhm le déanaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> a) Caithfidh 20% d'fhógraíocht a dhéanann an Coláiste bheith i nGaeilge b) Caithfear 5% d'aon airgead a chaitear ar fhógraíocht a úsáid chun fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge sna meáin Ghaeilge. <p>Caithfear tuairisciú a dhéanamh d'Oifig an Choimisinéara Teanga sa bhliain 2024 faoin bhfógraíocht atá déanta ag an Coláiste in 2023.</p> <p>Bhual an tOifigeach Gaeilge le Rannóg na Seirbhísí Airgeadais agus leis an Stiúrthóir Margáocha chun an riachtanas seo a phlé. Faoi láthair, níl córas an Choláiste (Oracle) in ann an t-eolas iomlán a bheidh ag teastáil ó Oifig an Choimisinéara Teanga a bhailiú (e.g. an sórt fógra, cén teanga a úsáidtear, srl.). Tá an Oifig Soláthair agus an soláthraí fógraíochta don Choláiste, Spark Foundry, ar an eolas faoin riachtanas. Tá comhlacht ann, MeasMedia, a chuireann comhéadan ar líne ar fáil chun taifead cuí a choimeád d'fhógraíocht, in éineacht le comhairle maidir leis na meáin Ghaeilge, agus seirbhís aistriúcháin. Baineann costas €4,900 + CBL in iomlán don bhliain leis an méid sin. B'fhéidir go gcaithfí úsáid a bhaint as an tseirbhís don chéad</p>	<p>4. Official Languages Act and the Fourth Language Scheme</p> <p>Section 10A. relating to advertising recently came into effect:</p> <ul style="list-style-type: none"> a) 20% of advertising by College must be in Irish b) 5% of any money spent on advertising must be used to advertise in the Irish language through Irish language media. <p>A report will need to be submitted to the Office of An Coimisinéir Teanga in 2024 regarding advertising placed by College in 2023.</p> <p>The Irish Language Officer has met with FSD and the Director of Marketing to discuss this requirement. At present, the College system (Oracle) does not capture all the information which will be required by the Office of An Coimisinéir Teanga (e.g. the type of notice, what language is used, etc.). The Procurement Office and College's advertising supplier, Spark Foundry, are aware of the requirement. There is a media company, MeasMedia, which provides an online interface to record adverts, along with advice on the Irish language media, and a translation service at a cost of €4,900 + VAT in total for the year. The service may need to be used for the first year to help College meet this requirement.</p>

<p>bhliain chun cabhrú leis an gColáiste an riachtanas seo a chomhlíonadh.</p> <p>Bhí ceisteanna ag baill maidir le caighdeán an aistriúcháin a chuireann MeasMedia ar fáil agus an costas a bheadh ar an gColáiste maidir le haistriúcháin mura n-úsáidtear seirbhís MeasMedia (ní féidir a ríomh ag an tréimhse seo).</p> <p>Beidh acmhainní breise ag teastáil ó Oifig na Gaeilge (baill foirne, buiséad) de réir mar a thiocfaidh forálacha an Acharta nua i bhfeidhm. D'fhéadfadh go mbeadh sé seo i gceist i rannóga eile sa Choláiste chomh maith.</p>	<p>Coiste members had questions regarding the quality of the translation provided by MeasMedia and the cost to College for translation services if MeasMedia are not used (it is not possible to calculate at this time).</p> <p>The Irish Language Office will require additional resources (staff, budget) as the provisions of the new Act come into place. This may also be the case for other areas of College.</p>
<p>5. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge</p> <p>Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar obair leanúnach na hOifige.</p> <p>An Scéim Cónaithe Tá an chuid is mó de thionscadail na Scéime curtha i gcrích don téarma seo agus ina measc bhí léiriúchán den scannán An Cailín Ciúin, tráth na gceist, clár ar Raidió RíRá agus an feachtas "Daonra na Scéime" ar na meáin shóisialta. Tá tuairsc scríofa le hullmhú ag na mic léinn don tseachtain seo chugainn agus déanfaidh gach grúpa cur i láthair maidir lena thionscadal ag oíche léiriúcháin i Seomra na Gaeilge ar an 23 Samhain ag 6pm.</p> <p>Is é iad na dualgais a bhíonn ar na mic léinn, i dteannta le himeacht nó feachtas a chur i gcrích, ná maoirseacht a dhéanamh ar Sheomra na Gaeilge (mic léinn Scéime ar an gcampas), agus tacáonn na mic léinn i Halla na Tríonóide leis an gciорcal comhrá seachtainiúil. Ina theannta sin, tá córas "Gaelchara" i bhfeidhm ina gcuirtear mac léinn ón gcampas ag obair le mac léinn céad bhliana chun tacáiocht agus comhairle a chur ar fáil faoi shaol an Choláiste agus na Gaeilge.</p> <p>Ranganna Gaeilge Iarradh ar thrí chomhlacht meastachán a chur ar fáil chun na ranganna a sholáthar don bhliain acadúil seo. Fuarthas iarratas ó Ghaelchultúr agus ó Chonradh na Gaeilge, agus roghnaodh Gaelchultúr. Gabhadh buíochas le Nicole Seabrook a chuidigh leis an bpróiseas seo.</p> <p>Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas sa suirbhé a scaipeadh ag deireadh na bliana acadúla 2021-22, socraíodh le Gaelchultúr go gcuirí rang amháin ag gach leibhéal ar fáil ar líne, agus go gcuirí an ceann eile ar fáil ar an gcampas, seachas leibhéal B2 mar gcuirtear ach rang amháin B2 ar fáil. Cuireadh ar siúl ar an gcampas é. Ní raibh go leor seomraí ranga ar fáil ar an gcampas fiú le haghaidh leath na ranganna agus baineadh úsáid as Seomra Comhdhála an Rúnaí i bhFaiche an Choláiste arís, seomra nach bhfuil inrochtana d'aon duine a mbeadh deacrachartaí soghluaiseachta acu.</p>	<p>5. Report of the Irish Language Officer</p> <p>The Irish Language Officer gave an account of the ongoing work of the Office.</p> <p>Irish Language Residency Scheme Most of the Scheme projects have now been completed for this term and they included a screening of the film An Cailín Ciúin, quiz, radio show on Raidió RíRá and the "Humans of An Scéim" campaign on social media. Students will submit a written report next week and each group will present at on their projects in Seomra na Gaeilge on 23 November at 6pm.</p> <p>The duties of the students, in addition to organising an event or campaign, are to manage Seomra na Gaeilge (students on campus), and the students in Trinity Hall support the weekly conversation circle. In addition, a "Gaelchara" system is in place that matches a student on campus with a first-year student to provide support and advice on College life and the Irish language in College.</p> <p>Irish language classes Three companies were asked to provide a quotation for the provision of classes for this academic year. Applications were received from Gaelchultúr and Conradh na Gaeilge, and Gaelchultúr were chosen. Nicole Seabrook was thanked for her assistance with this process.</p> <p>Based on the feedback received in the survey distributed at the end of the 2021-22 academic year, it was arranged with Gaelchultúr that one class at each level would take place online, and that the others would be on campus, with the exception of B2 level where only one class is offered, and this was held on campus. There were not enough classrooms on campus for even half the classes, and the Secretary's Conference Room in College Green was used once again. This room is not accessible to anyone with mobility difficulties.</p>

<p>Cuireadh ocht rang ar fáil mar is gnáth agus bhí ceithre leibhéal i gceist (3x rang A1 / 2x rang A2 / 2x rang B1 / 1x rang B2) ar feadh 6 seachtaine. Líonadh na ranganna go léir (thart ar 160 duine) agus bhí liostaí feithimh i bhfeidhm.</p> <p>Reáchtáladh seisiún eolais ar líne sular osclaíodh an próiseas iarratais agus bhí an Leas-Stiúrthóir Oideachais agus ball forgne eile de chuid Ghaelchultúir i láthair leis an Oifigeach Gaeilge chun na cúrsaí a mhíniú do dhaoine agus ceisteanna a fhreagairt. Bhí go leor deacrachaí ag túis an téarma leis an bpróiseas iarratais agus nithe eile. Tá roinnt ball forgne de chuid Ghaelchultúir a bhíodh ag plé leis an gColáiste imithe ón gcomhlacht agus ní raibh tuiscint cheart ann ar na córais a bhí curtha i bhfeidhm le roinnt blianta anuas. Níor fheidhmigh an leathanach gréasán a bhí curtha ar fáil acu i gceart an lá ar osclaíodh an próiseas iarratais agus b'éigean dúinn an fhoirm iarratais a bhaint den suíomh. Osclaíodh an próiseas iarratais arís roinnt laethanta ina dhiadh sin agus cuireadh comhfhereagras breise chuig pobal an Choláiste trí Oifig an Rúnaí. Bhí roinnt deacrachaí eile ann leis maidir le liostaí clárúcháin agus an chéad rang.</p> <p>Scoláireacht Choláiste na Tríonóide</p> <p>Maidir le plé idir an tOifigeach Gaeilge, Cláraitheoir na Seomraí agus dlíodóir an Choláiste faoin Scéim Cónaithe agus na bonnscoláireachtaí, soiléiríodh go bhfuil mac léinn a fhaigheann bonnscoláireacht i dteideal, de réir na Staitiúidí, áit a bhaint amach ar an Scéim Cónaithe agus an scoláireacht a úsáid chun a dtáillí lóistín a chlúdach. Tá mac léinn scoláireachta i dteideal deontas €1,000 na Scéime Cónaithe a fháil chomh maith. D'aontaigh an Coiste nach bhfuil sé riachtanach do mhac léinn ar an Scéim Cónaithe an deontas a chaitheamh ar tháillí lóistín.</p> <p>Oíche Chultúir</p> <p>Reáchtáladh trí thuras Gaeilge ar an gcampas ar an Aoine 23 Meán Fómhair. Don chéad uair le trí bliana, ba iad mic léinn na Scéime Cónaithe i bhí i mbun treoraithe. Eagraíodh seisiún chleacthaidh roimh ré agus tacáigh an tOifigeach Gaeilge le gach turas. D'fhreastail thart ar 20 duine in iomlán orthu.</p> <p>Lá Oscailte</p> <p>Bhí seastán ag Oifig na Gaeilge i bhFoigrneamh na nEalaón don Lá Oscailte ar an Satharn 5 Samhain. Cuireadh eolas ar fáil faoin Scéim Cónaithe agus faoi shaol na Gaeilge sa Choláiste, mar shampla, an Cumann Gaelach, Seomra na Gaeilge, seirbhísí Gaeilge, srl. Thug mic léinn ón Scéim Cónaithe cabhair ag an seastán agus thug sé deis do dhaltaí meánscoile bualadh leo agus ceisteanna a chur orthu. Cuireadh trí thuras Gaeilge ar an gcampas ar fáil chomh maith agus ba iad na mic léinn a bhí i mbun treoraithe.</p>	<p>Eight classes were provided as normal and four levels were offered (3x A1/2x class A2/2x class B1/1x B2) over 6 weeks. All classes (approx. 160 people) were filled and waiting lists were in place.</p> <p>An information session was held online before the application process opened and Gaelchultúr's Deputy Director for Education and another staff member were present with the Irish Language Officer to discuss the courses offered and answer questions. There were many issues with the application process and other matters at the beginning of the term. A number of Gaelchultúr staff who had worked with Trinity had left the company and there wasn't a full understanding of the systems that have been put in place for the last number of years. Their dedicated webpage did not function properly on the day the application process opened, and the application form had to be removed from the site. The application process opened again a few days later and further correspondence was sent to the College community through the Secretary's Office. There were also some other difficulties regarding registration lists and the first class.</p> <p>Trinity's Foundation Scholarship</p> <p>Further to a discussion between the Irish Language Officer, the Registrar of Chambers and the College Solicitor on the Irish Language Residency Scheme and foundation scholarships, it was clarified that, based on the Statutes, a student in receipt of a scholarship can be offered a place on the Residency Scheme and the scholarship can be used to cover their accommodation fees. A scholarship student is also entitled to the Residency Scheme grant payment of €1,000. The Coiste agreed that it is not a requirement for a Residency Scheme student to use the grant payment towards accommodation fees.</p> <p>Culture Night</p> <p>Three Irish language campus tours were held on Friday 23rd September. For the first time in three years, students guided the tours. A number of practice sessions took place beforehand, and the Irish Language Officer provided support for each tour. Approximately 20 people attended the tours.</p> <p>Open Day</p> <p>The Irish Language Office had a stand in the Arts Building for Open Day on Saturday 5th November. Information was provided on the Residency Scheme and on Irish language activities in College e.g. An Cumann Gaelach student society, Seomra na Gaeilge, Irish language services, etc. Students of the Residency Scheme provided support at the stand and met with and answered the questions of students and parents. Three Irish language tours of campus were provided by student guides.</p>
---	--

<p>Ciorcal comhrá</p> <p>Leanadh leis an gciорcal comhrá a chur ar siúl sa Bhutrach gach coicís agus ar líne na seachtainí eile i rith an tsamhraidh. Beartaíodh go mbeadh sé sa Bhutrach go lánaimseartha ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh. Eagraíodh ciorcal comhrá ar líne le linn na seachtaine staidéir dóibh siúd nach mbíonn in ann teacht isteach ar an gcampas agus déanfar arís é ag deireadh an téarma nuair a bheidh deireadh le ranganna.</p> <p>Lón Foirne</p> <p>Cuireadh túis leis an lón fairne seachtainiúil arís agus bíonn sé i seomra 3104 i bhFoирgneamh na nEalaíon gach Céadaoin ag 1pm. Leanfaidh sé ar aghaidh go dtí lár mhí na Nollag agus arís i dTéarma na Féile Bríde. Iarradh ar bhaill an Choiste an t-eolas a scaipeadh i measc comhgleacaithe. Gabhadh buíochas le Scoil an Oideachais as an seomra a chur ar fáil.</p> <p>Tuairisc Airgeadais</p> <p>Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2021 go Lúnasa 2022 ar fáil don Choiste.</p> <p>Tá €100,728.36 caite sa bhliain go dtí seo idir ábhair phá agus neamh-phá, rud a chiallaíonn go bhfuil an caiteachas tar éis buiséad na bliana (€97,399.47) a shárú. Laghdú atá sa buiséad seo ón mbliain 2020-21 nuair a bhí €106,500 ar fáil don Oifig. Tá easnamh sna buiséid pá agus neamh-phá. Meastar go mbeidh thart ar €10,000 sa bhreis (c. €107,000) ag teastáil faoi dheireadh na bliana airgeadais.</p>	<p>Conversation Circle</p> <p>The conversation circle was held on campus every fortnight over the summer and online every other week. It was decided to hold it in the Buttery on a weekly basis from September onwards. A conversation circle was held online during Study Week for those who cannot attend in person, and this will be repeated at the end of term when classes have finished.</p> <p>Staff Lunch</p> <p>The weekly staff lunch has recommenced and it takes place every Wednesday at 1pm in room 3104 in the Arts Building. It will continue until mid-December and again in Hilary Term. Members were asked to share this information with colleagues. The School of Education were thanked for making the room available.</p> <p>Financial Report</p> <p>A financial account for the period from October 2021 to August 2022 was provided.</p> <p>Expenditure stood at €100,728.36 (pay and non-pay items) to date, showing that the final year budget (€97,399.47) has been exceeded. The budget is lower than the 2020-21 budget of €106,500 for the Office. There are deficits in both the pay and non-pay budgets. It was estimated that an additional €10,000 (c. €107,000) will be required by the end of the financial year.</p>
<p>6. Tuairisc an Chumainn Ghaelach</p> <p>Rinne Reachtaíre an Chumainn cur síos ar ghnó an Chumainn an téarma seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá 500+ ball cláraithe ar chostas ballraíochta €2. • Reáchtáladh CGU chun fochoiste a thoghadh (Oifigeach Céad Bhliana, Oifigeach Triú Bhliana, Leas-Oifigeach Caidreamh Poiblí agus Leas-Oifigeach Siamsaíochta). • Reáchtáiltear dhá imeacht ar a laghad in aghaidh na seachtaine: gach Máirt ag 7pm agus Anraith & Arán ar an gCéadaoin ag 1pm. • I measc na n-imeachtaí eile a bhí ar siúl i rith an téarma bhí: <ul style="list-style-type: none"> - suas le 9 n-imeacht do Sheachtain na bhFreisear - Féile na Samhna 01/11/22 - Péint agus Prosecco 08/11/22 - Lá na Gaeilge 15/11/22 - Caint ón Dr Neasa Ní Chiarán faoina cuid oibre leis an teangeolaíocht, teicneolaíocht, srl. - Comórtas díospóireachta Craobh Maidens - Turas go Cill Áirne d'Oireachtas na Samhna. • Foilsíodh an chéad eagrán d'irisleabhar an Chumainn, Tuathal, agus foilseofar an dara eagrán roimh an Nollaig. 	<p>6. An Cumann Gaelach Report</p> <p>The Auditor reported on the society's work this term:</p> <ul style="list-style-type: none"> • There are 500+ members registered at a membership cost of €2. • An EGM was held to elect a subcommittee (First-Year Officer, Third-Year Officer, Deputy PRO and Deputy Entertainment Officer). • At least two events per week are held: every Tuesday at 7pm and Soup & Bread lunch every Wednesday at 1pm. • Other events held during term included: <ul style="list-style-type: none"> - Up to 9 events for Freshers' Week - Samhain Festival 01/11/22 - Paint & Prosecco 08/11/22 - Lá na Gaeilge 15/11/22 - Guest speaker Dr Neasa Ní Chiarán on her work on linguistics, technology, etc. - Maidens Debating Competition - Trip to Killarney for Oireachtas na Samhna. • The first edition of the society's magazine, Tuathal, was published and the second edition will be published before Christmas. • Social media is being used to promote the society and its activities. A competition was held at the

<ul style="list-style-type: none"> Tá go leor béisme á leagan ar na meáin shóisialta arís i mbliana chun an Cumann a chur chun cinn. Eagraíodh comórtas ag túis an téarma a chabhraigh chun baill nua a mhealladh. Táthar ag glacadh páirte sa scéim ‘Gníomhaí Gaeilge’ de chuid Chonradh na Gaeilge arís i mbliana. Is scéim meantóireachta í do dhaoine agus do ghrúpaí atá gníomhach leis an nGaeilge sa tríú leibhéal. Táthar ag ullmhú do Théarma na Féile Bríde: turas thar lear, Éigse na Trónóide, srl. Leanfar leis an gcomhoibriú le cumainn eile. <p>Luaigh ball coiste nach raibh siad ar an eolas faoi Lá na Gaeilge agus d'iarr ar an gCumann an bhféadfaí níos mó fógraíochta a dhéanamh ar a leithéid d'ócáid.</p>	<ul style="list-style-type: none"> beginning of term to encourage new members to join. The society is taking part in Conradh na Gaeilge’s ‘Gníomhaí Gaeilge’ scheme again this year. It is a mentoring scheme for individuals and groups that work with the language at third level. Preparations are underway for Hilary term: trip abroad, Éigse na Trónóide festival, etc. Collaborations with other societies will continue to be developed. <p>A Coiste member wasn't aware of Lá na Gaeilge and asked if the society could publicise such an event more.</p>
<p>7. Tuairisc Aontas na Mac Léinn</p> <p>Rinne Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn cur síos a cuid oibre an téarma seo.</p> <ul style="list-style-type: none"> Chuir aistriúcháin & foghraíocht ar fáil do Chláraitheoir an Choláiste dá óráidí le linn Searmanais Bhronnta na gCéimeanna. Tá ‘Teach a Sé’ in úsáid mar ainm oifigiúil ar fhoirgneamh Aontas na Mac Léinn. Tá níos mó eolais curtha leis na leathanacha Ghaeilge ar shuíomh gréasáin an Aontais agus tá leathanach nua curtha leis a leagann amach cearta na mac léinn maidir leis an nGaeilge sa Choláiste. Tá an Ghaeilge á úsáid i bhfeachtas feasachta an Aontais agus tá méadú tagtha ar an méid Gaeilge a úsáidtear ar mheáin shóisialta an Aontais. <p>Thréaslaigh an Cathaoirleach le hOifigeach Gaeilge AML as a cuid páirtíochta ar phlé painéil Chonradh na Gaeilge ag Oireachtas na Samhna.</p>	<p>7. Students’ Union Report</p> <p>The Students’ Union Irish Language Officer reported on her activities this term.</p> <ul style="list-style-type: none"> Provided translation and pronunciation support to the Registrar for his speeches at Commencements. ‘Teach a Sé’ is used as the official name for the SU building. Information has been added to the Irish language pages on the SU’s website, and a new page has been created outlining students’ Irish language rights in College. Irish is used in the SU’s awareness campaigns, and the use of Irish on its social media channels has increased. <p>The Chair congratulated the SU Irish Language Officer for her participation on Conradh na Gaeilge’s panel discussion at Oireachtas na Samhna.</p>
<p>8. Seomra na Gaeilge</p> <p>Tá sé curtha in iúl ag an tSeirbhís Míchumais go léiríonn costais oird mhéadaíochta maidir le hardaitheoir a thógáil do Sheomra na Gaeilge méadú suntasach ar na costais a leagadh amach sa staidéir féidearthachta agus nach dócha go leanfar leis an tionscadal faoi láthair. Tá tuilleadh sonraí thíos.</p> <p>1.(a) Ardaitheoir ag cúl an fhoirgnimh, le forhalla ag an mbealach isteach. Costas: €940,738.43 (méadú ó €750,190.63)</p> <p>1. (b) Ardaitheoir ag cúldoras an fhoirgnimh, gan forhalla ag an mbealach isteach. Costas: €834,145.50 (méadú ó €665,848.10)</p>	<p>8. Seomra na Gaeilge</p> <p>The Disability Service has said that Order of Magnitude Costs for the construction of a lift to Seomra na Gaeilge are significantly higher than the feasibility study costs and that project is unlikely to progress in the current climate. Further details are below.</p> <p>1.(a) Elevator near the back entrance of the building with a closed-in lobby space. Cost: €940,738.43 (increase from €750,190.63)</p> <p>1. (b) Elevator at the back of the building without a closed-in lobby. Cost: €834,145.50 (increase from €665,848.10)</p>

<p>2. Ardaitheoir aice le doras na Butraí. Costas: €629,398.22 (méadú ó €503,840.13)</p> <p>Luadh dhá réiteach féideartha: go ndéanfadh an Coiste Pleanála Spáis measúnú ar spásanna a d'fhéadfadh a bheith oriúnach agus an fhéidearthacht úsáid a bhaint as cead svaidhpe don Seomra Cuibhreann do dhaoine atá cláraithe leis an tSeirbhís Míchumais.</p> <p>Rinne an Fhoireann Pleanála Spáis teagmhál leis an Oifigeach Gaeilge maidir le seomra inrochtana a bhí ar fáil ar urlár na talún san fhoirgneamh ina bhfuil an tAtrium. Tugadh cuireadh do bhaill Choiste na Gaeilge cuairt a thabhairt ar an seomra i mí Mheán Fómhair. Cé go bhfuil sé inrochtana, ní bheifí in ann imeachtaí rialta (e.g. Anraith agus Arán gach seachtain) agus imeachtaí eile (e.g. d'Éigse na Tríonóide agus do Sheachtain na Gaeilge) a chur ar síúl ann toisc go bhfuil sé i bhfad níos lú ná Seomra na Gaeilge. Chaithfí spásanna sa bheiris a lorg ar an gcampas agus bheifí ag brath orthu sin a bheith ar fáil d'Oifig na Gaeilge, don Chumann Gaelach, do Roinn na Gaeilge, don Scéim Cónaithe, agus do ghrúpaí eile ó bhliaín go bliain. Ní raibh an Coiste Pleanála Spáis in ann gealltanais a thabhairt maidir leis seo.</p> <p>Ina theannta sin, níl uisce reatha le fáil sa spás, mar sin, ní fhéadfaí tae/caife/soláistí a chur ar fáil ann mar a dhéantar i Seomra na Gaeilge faoi láthair, agus ní fhéadaí aon ghréithe a ní mar nach mbeadh doirteal ná miasniteoir ar fáil. Tá sé ráite ag an Oifig Eastát agus Saoráidí nach féidir uisce reatha a fháil sa seomra.</p> <p>Bhail an tOifigeach Gaeilge le hOifigeach Riaracháin an tSeomra Chuibhrinn chun an cheist faoi rochtain svaidhpe a phlé. Tá córas svaidhpe á chur i bhfeidhm don seomra seo i láthair na huaire do bhaill fairne a bhfuil míchumas orthu. Ceistíodh an bhféadfaí cead svaidhpe a thabhairt do bhall fairne nó do mhac léinn atá cláraithe leis an tSeirbhís Míchumais chun dul isteach go Seomra na Gaeilge. Tacaíonn Stiúrthóir na Seirbhise leis an gcur chuige seo agus measadh gur rud annamh agus eisceachtúil a bheadh i gceist. Mar fhreagra, dúradh leis an Oifigeach Gaeilge go ndéanfaí iarracht an cheist a chur ar an gclár oibre do chruinniu de chuid choiste an tSeomra Chuibhrinn. Ní bhfuarthas deimhniú ar tharla a leithéid. Tá sé i gceist scriobh go coiste an tseomra.</p>	<p>2. Elevator near the main entrance door to the Buttery. Cost: €629,398.22 (increase from €503,840.13)</p> <p>Two possible solutions were stated: that the Space Planning Committee would assess other suitable spaces, and the possibility of providing swipe access to the Senior Common Room (SCR) for people registered with the Disability Service.</p> <p>The Space Planning Committee contacted the Irish Language Officer about an accessible room available on the ground floor of the Atrium building. Coiste members were invited to view the room in September. Although accessible, due to its size, the room would not be able to hold regular events such as the weekly Soup & Bread lunch, and other events (e.g. Éigse na Tríonóide festival and Seachtain na Gaeilge). It is much smaller than Seomra na Gaeilge. Additional spaces would have to be sought on campus and the Irish Language Office, An Cumann Gaeilge, the Discipline of Irish, An Scéim Cónaithe and other groups would be dependent on these being available from year to year. The Space Planning Committee was not able to provide a commitment in this regard.</p> <p>In addition, running water is not available in the space, therefore, tea/coffee/refreshments could not be provided as is currently the case in Seomra na Gaeilge, and dishes could not be washed as there is no sink/dishwasher available. Estates & Facilities has stated that running water cannot be provided in the room.</p> <p>The Irish Language Officer met with the SCR Administrative Officer to discuss swipe access. A swipe system is currently being put in place for staff with disabilities. It was asked whether a staff member or student who is registered with the Disability Service could be provided with swipe access to enter Seomra na Gaeilge. The Director of the Disability Service supports this approach and it is estimated that the requirement would be rare and exceptional. In response, the Irish Language Officer was told that an attempt would be made to include the request on the agenda for a SCR committee meeting. Confirmation was not received on whether it was discussed. It is intended to write to the SCR committee.</p>
<p>9. Aon ghnó eile</p> <p>Eagrófar an chéad chruinniu eile den Choiste ar an gcampas.</p>	<p>9. Any other business</p> <p>The Coiste's next meeting will be held on campus.</p>